C/2024/6184

15.10.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/6184)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1]

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Banyuls'

PDO-FR-A0672-AM01

Dáta na teachtaireachta: 22.7.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Déine datha na bhfíonta a bhfuil an téarma 'rosé' orthu

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge, Roinn IX 'Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil', pointe 1(b) 'Caighdeáin anailíseacha', leathnaíodh an raon déine datha (OD 420 + OD 520) le haghaidh fíonta atá incháilithe an téarma 'rosé' a bheith orthu, atá idir 0.40 agus 0.70 faoi láthair, go 0.30 go 0.80 chun na táirgí atá á ndéanamh iarbhír a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Ní athraítear leis an leasú sin an nasc leis an tionscnamh.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin bpointe 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

2. An tréimhse aosaithe a ghiorrú le haghaidh fíonta ar a bhfuil na téarmaí 'ambré' agus 'traditionnel'

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge, Roinn IX 'Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil', pointe 2 'Forálacha de réir an chineáil táirge', agus Roinn X 'Nasc leis an limistéar geografach', giorraíodh an tréimhse aosaithe le haghaidh fíonta ar a bhfuil na téarmaí 'ambré' nó 'traditionnel' ó 30 mí go 24 mhí. Ní athraítear leis an athrú sin tréithe orgánaileipteacha na dtáirgí. Fágann sé gur féidir margaíocht na bhfíonta a oiriúnú d'éileamh an mhargaidh, agus cineál ocsaídiúcháin agus torthaíoch na bhfíonta ar a bhfuil na tuairiscí sin á gcaomhnú an tráth céanna.

Áiríodh an laghdú sin ar an tréimhse aosaithe sa doiciméad aonair, faoi na ceannteidil 'Tuairisc ar na fíonta' agus 'Nasc leis an limistéar geografach'.

3. Deireadh a chur leis an gceanglas íosta 3 mhí maidir le haosú i mbuidéil le haghaidh fíonta a bhfuil na téarmaí 'blanc' nó 'rimage' orthu

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge, Roinn IX 'Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil', pointe 2 'Forálacha de réir cineál táirge' agus Roinn X 'Nasc leis an limistéar geografach', scriosadh an ceanglas íosta 3 mhí maidir le haosú i mbuidéil chun go mbeidh ceannaithe fíona in ann an táirge a phacáistiú freisin, d'fhonn an margadh a fhorbairt.

Áirítear na leasuithe sin sa doiciméad aonair faoi na ceannteidil 'Tuairisc ar na fíonta', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – pacáistiú'.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Dáta cur ar an margadh le haghaidh fíonta tomhaltóirí ar a bhfuil an téarma ‘ambré’ nó ‘traditionnel’**

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge, Roinn IX ‘Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil’, pointe 5(a) ‘Forálacha maidir le cúrsaíocht táirgí agus cur ar an margadh don tomhaltóir’, agus Roinn X ‘Nasc leis an limistéar geografach’, tugadh an dáta chun fíonta ar a bhfuil an téarma ‘ambré’ nó ‘traditionnel’ a chur ar an margadh le haghaidh tomhaltóirí ar aghaidh 6 mhí de thoradh ghiorrú coibhéiseach na tréimhse aibithe. Cuirtear na fíonta ar an margadh ón 1 Meán Fómhair den dara bliain tar éis bhliain na buainte.

Áiríodh an soiléiriú sin sa roinn ‘Tuairisc ar na fíonta’ den doiciméad aonair.

5. **Dáta cúrsaíochta fíonta idir trádstórais údaraithe**

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge, Roinn IX ‘Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil’, pointe 5(b) ‘Forálacha maidir le cúrsaíocht táirgí’, scriosadh na dátaí lena mbunaítear an tréimhse nach féidir leis na fíonta a bheith i gcúrsaíocht idir ceannaithe agus trádálaithe sula gcuirtear ar fáil iad lena gcaitheamh. Mar gheall ar an leasú sin is féidir na fíonta a chur i gcúrsaíocht idir oibreoirí uile sula scaoiltear lena dtomhailt iad agus baintear leis aon riosca iomaíochta éagóraigh idir trádálaithe a bheith ann.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Banyuls

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

3. Fíon licéir

3.1. *Cód le haghaidh na hAinmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

a) Is fíonta milse nádúrtha iad seo.

b) Ní mór d’fhíonta atá beartaithe lena ndíol nó ag céim an phacáistithe na caighdeáin anailíseacha seo a leanas a chomhlíonadh: - Neart alcóil iarbhír de réir toirte: níos mó ná nó cothrom le 15 %; - Neart alcóil iomlán de réir toirte: níos mó ná nó cothrom le 21.5 %; - An méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós): níos mó ná nó cothrom le 45 g in aghaidh an lítir. - Déine datha (OD 420 + OD 520): níos lú ná nó cothrom le 2.50 i gcás fíonta a bhfuil an téarma ‘ambré’ orthu; níos mó ná nó cothrom le 0.30 ach nach mó ná 0.80 le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma ‘rosé’ orthu; níos mó ná nó cothrom le 2.80 i gcás fíonta a bhfuil an téarma ‘traditionnel’ orthu; níos mó ná nó cothrom le 4 i gcás fíonta a bhfuil an téarma ‘rimage’ orthu. - Imir (OD 420/OD 520): níos lú ná nó cothrom le 1.2 i gcás fíonta a bhfuil an téarma ‘rosé’ orthu.

c) An méid aigéadachta luainí, an méid iomlán aigéadachta agus an méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad an méid a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais iad.

Is éard atá sna fíonta, ar an gcéad dul síos, na fíonta sin a tháirgtear i dtimpeallacht dí-ocsaídithe, i gcomhréir leis na modhanna táirgthe a thuairiscítear leis na téarmaí seo a leanas:

— 'rimage' ('fíon na bliana' i gCatalóinis), le haghaidh fíonta dearga a dhéantar as an gcineál Grenache N, a aosaítear go dtí an 1 Bealtaine den bhliain tar éis bhliain na buainte ar a laghad.

— 'blanc', le haghaidh fíonta a tháirgtear ó chineálacha fíonchaor geal nó liath, agus úsáid á baint as an modh táirgthe céanna le fíonta a bhfuil an téarma 'rimage' orthu;

— 'rosé', le haghaidh fíonta a phacáistítear tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Bíonn siad i bhfoirm fíonta freisin a tháirgtear i dtimpeallacht ocsaídiúcháin i gcomhréir leis na modhanna táirgthe a thuairiscítear leis na téarmaí seo a leanas:

— 'ambré', le haghaidh fíonta a tháirgtear ó chineálacha geala nó liatha;

— 'traditionnel', le haghaidh fíonta a tháirgtear go príomha ón gcineál Grenache N.

Aosaítear na fíonta sin go dtí an 1 Meán Fómhair den dara bliain tar éis bhliain na buainte ar a laghad. Tá príomhról ag an aosú i gcastacht aramatach na bhfíonta. Agus é á dhéanamh i dtimpeallacht dí-ocsaídithe, cuidíonn sé leis na nithe seo a leanas a chaomhnú:

— dea-bholaithe torthaí dearga úra, fíonchaor, silíní agus kirsch le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma 'rimage' orthu;

— dea-bholaithe bláthanna bána, torthaí citris, spíosraí agus dea-bholaithe milse le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma 'blanc' orthu;

— blasanna éadroma, úra agus torthaíocha le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma 'rosé' orthu.

I gcás ina ndéantar táirgeadh i dtimpeallacht ocsaídiúcháin, in adhmad (dabhcha nó *demi-muid*) nó i ndeimiseoin ghloine a nochtar don ghrian, faoi réir aeráid chrua an limistéir gheografaigh:

— faigheann fíonta ar a bhfuil an téarma 'ambré' fad agus cothromaíocht níos mó, dea-bholaithe diana de thorthaí criostalaithe, bláthanna miliúla, céir, spíosraí nó beirbhéine;

— forbraíonn fíonta ar a bhfuil an téarma 'traditionnel' dea-bholaithe de thorthaí aibí criostalaithe, biotáille plumaí, mil agus caife nó cócó rósta le haghaidh na cuvée is faide a aosaítear. Ag brath ar na dálaí aosaithe, is féidir leo dea-bholaithe casta a fhorbairt chomh fada le 'rancio', lena bholaithe rósta, torthaí triomaithe agus gallchnónna go háirithe.

Cibé an bhfuil siad 5, 10 nó 50 bliain d'aois, tá fíonta 'Banyuls' lán le castacht agus tá carball an-fhada acu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) -

— Aigéadacht iomlán íosta -

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

a) Táirgtear na fíonta trí alcól a chur leis an úrfhíon fíonchaor (próiseas ar a dtugtar steiriliú ceimiceach úrfhíona) le linn an choipthe. Déantar steiriliú ceimiceach úrfhíona trí alcól neodrach de thionscnamh fíonmhar a bhfuil neart alcóil íosta de réir toirte 96 % aige a chur leis, i gcion nach lú ná 5 % agus nach mó ná 10 % de thoirt an úrfhíona fíonchaor a úsáidtear i dtéarmaí fíoralcóil. Déantar steiriliú ceimiceach úrfhíona roimh an 31 Nollaig den bhliain inar baineadh an t-úrfhíon fíonchaor. Mar sin féin, d'fhéadfaí steiriliú ceimiceach úrfhíona breise a dhéanamh trí uasmhéid 10 % fíoralcóil a chur leis.

b) Toirmisctear aon táirge a chur leis a d'fhéadfadh dath na bhfíonta a athrú.

c) I dteannta na bhforálacha thuas, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh.

2.

An modh saothraithe

1) Dlús plandaithe

— Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Níor cheart an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha a bheith níos mó ná 2.50 m. Níor cheart an limistéar atá ar fáil le haghaidh gach planda a bheith níos mó ná 2.50 m^2. Déantar an t-achar sin a ríomh tríd an bhfad idir sraitheanna agus an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a iolrú.

I gcás fíniúnacha a chuirtear ina gcearnóga nó ina bpatrún céimnithe, níor cheart an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach planda a bheith níos mó ná 3 m^2. Déantar an t-achar sin a ríomh tríd an bhfad idir sraitheanna agus an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a iolrú. Ní mór don spásáil idir na sraitheanna agus don spásáil idir na plandaí sa tsraith chéanna a bheith níos lú ná 1.70 méadar nó cothrom leis.

— Ceadaítear spásáil uasta 2.50 méadar idir fíniúnacha atá curtha ar léibhinn idir barr gach bruach nó balla léibheannaithe agus an chéad sraith plandaí ar an léibheann thuas, agus an spásáil chéanna idir bun an bhruacha nó an bhalla agus an chéad sraith ar an léibheann thíos.

2) Rialacha treoraithe agus prúnála

a) Forálacha ginearálta

— Tá na fíniúnacha cuachphrúnáilte nó feanphrúnáilte.

— Déantar prúnáil mheasctha orthu, agus seacht spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor.

— Déantar an phrúnáil faoin 31 Márta ar a dhéanaí. Féadfaidh an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta maolú a dheonú, áfach, i gcás dálaí aimsire eisceachtúla, fadhbanna tromchúiseacha teaghlaigh nó cíosanna talún déanacha.

b) Forálacha speisialta

Féadfar na cineálacha Grenache B, Grenache G agus Grenache N a réamhphrúnáil, le níos mó ná dhá bhachlóg in aghaidh an spoir, ar choinníoll go ndéanfar na fíniúnacha a phrúnáil faoin 31 Márta ar a dhéanaí i gcomhréir leis na forálacha ginearálta.

3) Uisciú

Toirmisctear uisciú.

4) Buaint

— Faightear na fíonta ó fhíonchaora a bhuantar de láimh in iarrachtaí iomadúla.

— Tá sé éigeantach an bhuaint a shórtáil i gcás ina léirítear le hamharc-chigireacht ar na fíonchaora nach bhfuil riocht sláintiúil orthu nó nach bhfuil siad aibí go leormhaith. Déanann an t-oibreoir an tsórtáil ar an dáileacht nó san fhíonlann.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú agus, i gcás fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'blanc' nó 'rimage' a bheith orthu, ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a phacáistiú, sna bardais seo a leanas i roinn Pyrénées-Orientales: Banyuls-sur-Mer, Cerbère, Collioure agus Port-Vendres.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Carignan N

Carignan blanc B

Cinsaut N – Cinsault

Counoise N

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Macabeu B – Macabeo

Marsanne B

Mourvèdre N – Monastrell

Muscat d'Alexandrie B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B - Muscat, Moscato

Roussanne B

Syrah N – Shiraz

Tourbat B

Vermentino B – Rolle

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá na fíonghoirt is faide ó dheas sa Fhrainc suite idir 'mar i mont' ('an fharraige agus na sléibhte' i gCatalóinis), ar shuíomh an-mhíchothrom, ar fhánaí géara ag titim go géar ó 917 méadar ag Pic de Sailfort go leibhéal na mara ar an gcósta.

Síneann an limistéar geografach go dtí ceann thoir mhasaíf Albères, áit a dtiteann na Piréiní go tobann isteach sa Mheánmhuir. Síneann sé thar chríoch ceithre bhardas sa chuid de roinn Pyrénées-Orientales ar a dtugtar 'Côte Vermeille', ar calafoirt iad uile: Banyuls-sur-Mer, Collioure, Cerbère agus Port-Vendres.

Timpeall na gcalafort sin, tá teorainn ag an limistéar:

— ar an taobh thoir, leis an Meánmhuir;

— ar an taobh theas le hiomaire ard na bPiréiní, a chruthaíonn an teorainn leis an Spáinn;

— ar an taobh thuaidh le bunchnoic na Albères agus mhachaire Roussillon;

— ar an taobh thiar, leis na Piréiní arda.

Tá tírdhreach an-sléibhtiúil cruthaithe ag ardú na bPiréiní, le go leor cuas, cinn bheaga gleannta atá cuartha agus radhairc ag breathnú amach ar an bhfarraige.

Tá an tsubstráit gheolaíoch aonchineálach, ina bhfuil siostaí donna den chuid is mó ar de thionscnamh Caimbriach iad. Agus iad struchtúrtha go hingearach, is foinse iad na carraigeacha an-bhriste sin d'ithreacha bochta ag a bhfuil acmhainneacht íseal coinneála uisce agus, ag brath ar an staid thopagrafach, éagsúlacht áirithe i dtiús.

Tá na dáileachtaí atá críochaithe chun fíonchaora a bhuain ar léibhinn, suas le hairde 400 méadar, agus anois agus arís i mbun gleannta gláracha, clochacha agus tirime sruthchúrsaí amhail Baillaury, Cosprons, Douy nó Ravaner, a dhraenálann an limistéar geografach.

Tá solas na gréine an-ard sa limistéar geografach de níos mó ná 2 600 uair an chloig agus tá aeráid Mheánmhuirí ann atá séimh sa gheimhreadh, te agus tirim sa samhradh. Is é 15 °C an mheánteocht bhliantúil, ach athraíonn sí le hairde. Tá éagsúlachtaí teochta bliantúla ísle mar shaintréith ag an gcóras teochta, ach is minic a bhíonn éagsúlachtaí móra laethúla ann.

Bíonn an mheánbháisteach bhliantúil níos lú ná 650 mm agus athraíonn sí de réir airde freisin. Bíonn báisteach fhíochmhar agus neamhrialta ann, agus cuirtear isteach ar thréimhsí fada triomaigh sa samhradh le tréimhsí gearra agus diana báistí san earrach agus san fhómhar. D'fhéadfadh creimeadh ithreach agus cruthú ailteanna a bheith mar thoradh ar an mbáisteach ghéar sin, rud a fhágann gur gá saothrú a dhéanamh ar léibhinn.

Gné amháin den aeráid is ea an ghaoth, a shéideann beagnach 200 lá sa bhliain:

— tá an 'Tramontane', gaoth cheannasach aniar aduaidh (130 lá in aghaidh na bliana), fíochmhar agus tá éifeacht triomúcháin aici; is féidir léi a bheith úsáideach toisc go gcuidíonn sí le hatmaisféar na ngalar fungasach a íonú. Mar sin féin, is minic a bhíonn sí scriosach mar gheall ar an tionchar fisiciúil a bhíonn aici ar fhíniúnacha óga san earrach; tá sí freagrach freisin as dóiteáin a scaipeadh sa samhradh;

— Tugann an leoithne farraige, a shéideann ón oirthear nó ón oirdheisceart, aer úr tais a mhaolaíonn an teas sa samhradh.

Faoin aeráid chrua sin, cumhdaíonn fíniúnacha an tírdhreach, ag malartú le limistéir bheaga choillteacha de dhair coirc nó ghlas, crainn ológ, toir agus fraochmhánna Meánmhuirí a leanann conair na ndóiteán arís agus arís eile.

Múnlaíodh an tírdhreach sin le buanseasmhacht feirmeoirí a rinne saothrú na bhfánaí agus na mbunchnoc a bharrfheabhsú i gcaitheamh na nglúnta, agus cumhdach fásra cosanta ar an talamh á chaomhnú acu an tráth céanna. Tá roinnt mhaith ballaí cloiche tirime tógtha acu chun an ithir a choinneáil agus chun clocha a ghlanadh den talamh, rud a chruthaíonn na léibhinn a bhaineann go sonrach leis an tírdhreach seo.

b) Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Ba iad na Féinícigh a chuir fíniúnacha den chéad uair thart ar 7 gcéad bliain roimh Chríost, ag tosú ag calafort Collioure.

Ó bhí tús na Meánaoiseanna ann, fágadh leis an gcomhthéacs geografach agus aeráide go raibh gá le léibheannú ón tús, arna threisiú ina dhiaidh sin ag na Teamplóirí.

Spreag James I de chuid Mhallarca an trádáil fíona, a bhí ag déanamh go maith mar gheall ar na calafoirt, in 1207 agus ina dhiaidh sin spreag ríthe Aragón í, agus aistríodh cáin a gearradh ar fhíonta allmhairithe chuig bardais fíonsaothrúcháin, chun ardcháilíocht an táirgthe áitiúil a choinneáil ar bun.

Tar éis don Fhrainc an chríoch sin a ionghabháil in 1659 (Conradh na bPiréiní), agus chun smuigleáil a bhaineann le tabhairt isteach cánacha ag an Stát a chomhrac, d'ullmhaigh trúpaí na Fraince idirghabháil a dhéanamh in 1773. Mar sin féin, tháinig Ardoifigeach Chúige Roussillon ar chomhréiteach, lenar deonaíodh dreasachtaí chun fíniúnacha a chur, chun na smuigléirí a spreagadh le bheith ina saothraithe fíniúna.

Tharla sé go raibh traidisiún shaothrú na bhfíniúnacha fréamhaithe go domhain, go háirithe, leis an gcleachtas 'bail à complant' nó 'souche morte'. Tá an cleachtas sin, a tionscnaíodh roimh an mbliain 1000, fós ar bun sa lá atá inniu ann i limistéar fíonsaothrúcháin 'Banyuls' agus is é is cúis le níos mó ná 50 % de dháileachtaí talún fíonghort! Thug an cineál tionachta sin deis do dhaoine d'acmhainn mheasartha leas a bhaint as líon beag dáileachtaí talún, ar leis na plandaí iad ach nach leo an talamh. Is le húinéirí talún a aistríonn a n-dáileachtaí talún i gcomhúinéireacht an dara ceann acu sin i gcónaí, leis an gceanglas go gcoinneofaí na plandaí beo.

Chuidigh sé sin lena áirithiú go ndéantar plandaí marbha a ionadú go rialta, le beangú ar an láthair ó bheangáin a mheasann na táirgeoirí a bheith ar na cinn is spéisiúla. Thairis sin, mar thoradh ar an gcleachtas sin, le himeacht na nglúnta, aimsíodh éagsúlacht cineálacha fíonchaor laistigh den dháileacht talún chéanna.

Ó bhí 1830 ann, d'fhorbair gach rud go han-tapa. Cuireadh dlús leis an trádáil tríd an gcalafort ag Port-Vendres. Shroich an t-iarnród Collioure agus ansin leathnaíodh é go dtí an Spáinn, áit a raibh an leithead ráille difriúil. Mar thoradh air sin, rinneadh gníomhaíocht mhór láimhseála chun earraí a thrasloingsiú. Mhéadaigh an daonra, á mhealladh ag an gcalafort agus ag an ngníomhaíocht láimhseála, agus gach duine ag lorg rochtana ar fhíonsaothrúchán lena 'bail à complant' féin. Bhain fíon 'Banyuls' tairbhe as an mborradh sin, arna spreagadh ag gníomhaíocht tráchtála ceannaithe fíona sa réigiún, ach ag duine den chléir freisin, Abbé Rous.

In 1885, scrios deireadh na géarchéime phylloxera cuid mhór de na fíonghoirt agus mhéadaigh sé na deacrachtaí a bhí roimh tháirgeoirí mar gheall ar iomaíocht ó fhíonta calaoiseacha.

Sa 19ú céad, tháinig cáil 'Banyuls' ó fhíonta geala tirime ag a raibh neart alcóil nádúrtha ard de réir toirte, a bhí cobhsaí agus a raibh acmhainneacht aosaithe den scoth acu, a raibh a gcáil tar éis an tAigéan Atlantach a thrasnú. Le hachtú dhlíthe Arago (1872) agus Pams (1898), lenar aithníodh stádas cánach speisialta le haghaidh fíonta atá milis go nádúrtha, rinne an limistéar fíonsaothrúcháin sin speisialtóireacht i dtáirgeadh fíonta atá milis go nádúrtha.

Ó bhí 1902 ann, tháinig táirgeoirí le chéile i gcomhlachas trádála chun calaois a chomhrac agus, an 18 Meán Fómhair 1909, sainíodh ainmniúchán tionscnaimh 'Banyuls' go dlíthiúil chun fíonta atá milis go nádúrtha a tháirgeadh.

Aithníodh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Banyuls' le Foraithne an 6 Lúnasa 1936. Bhí sé ar cheann de na chéad ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe sa Fhrainc.

Tá thart ar 20 000 heictilítear sa mheántáirgeadh bliantúil, ar fíonta dearga 75 % díobh a tháirgtear ag thart ar 30 fíonlann phríobháideacha a mhargaíonn a dtáirgí go díreach, agus trí fhíonlann chomhoibritheacha, arb é an ceann is mó díobh, 'Groupement Interproducteurs Collioure Banyuls', is cúis le 80 % den táirgeadh.

Is fíonta milse nádúrtha iad na fíonta a dhéantar trí steiriliú ceimiceach úrfhíona trí úsáid a bhaint as alcól neodrach de thionscnamh fíonmhar ina bhfuil cion níos mó ná 96 % de réir toirte. Déantar an steiriliú ceimiceach úrfhíona sin le linn coipthe, ar na fíonchaora, ar a dtugtar 'mutage sur grains' nó ar an úrfhíon, i gcion, i dtéarmaí fíoralcóil, nach lú ná 5 % agus nach mó ná 10 % den toirt fholuiteach.

I gcás fíonta a tháirgtear agus úsáid á baint as an modh táirgthe ar a dtugtar tuairisc leis an téarma 'rimage', ní mór steiriliú ceimiceach úrfhíona a dhéanamh ar an úrfhíon.

Tá neart alcóil iarbhír 15 % de réir toirte ar a laghad ag na fíonta, tá neart alcóil iomlán 21.5 % de réir toirte ar a laghad acu agus tá méid siúcra choipthigh 45 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad acu.

Is éard atá sna fíonta, ar an gcéad dul síos, na fíonta sin a tháirgtear i dtimpeallacht dí-ocsaídithe, i gcomhréir leis na modhanna táirgthe a thuairiscítear leis na téarmaí seo a leanas:

— 'rimage' ('fíon na bliana' i gCatalóinis), i gcás fíonta dearga a dhéantar as an gcineál Grenache N, a aosaítear go dtí an 1 Bealtaine den bhliain tar éis bhliain na buainte ar a laghad; déantar na fíonta sin a bhuidéalú roimh an 30 Meitheamh den dara bliain tar éis bhliain na buainte, ag an oibreoir a bhuanann na fíonchaora agus a dhéanann na fíonta sin nó ag an gcomharghnó fíonóireachta a mbuanann a mbaill na fíonchaora;

— 'blanc', le haghaidh fíonta a tháirgtear ó chineálacha fíonchaor geal nó liath, agus úsáid á baint as an modh táirgthe céanna le fíonta a bhfuil an téarma 'rimage' orthu;

— 'rosé', le haghaidh fíonta a dhéantar a mbuidéalú tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Bíonn siad i bhfoirm fíonta freisin a tháirgtear i dtimpeallacht ocsaídiúcháin i gcomhréir leis na modhanna táirgthe a thuairiscítear leis na téarmaí seo a leanas:

— 'ambré', le haghaidh fíonta a tháirgtear ó chineálacha geala nó liatha;

— 'traditionnel', le haghaidh fíonta a tháirgtear go príomha ón gcineál Grenache N.

Déantar na fíonta sin a aosú go dtí an 1 Meán Fómhair den dara bliain tar éis bhliain na buainte ar a laghad.

Marcáiltear fíonta a aosaíodh ar feadh 5 bliana ar a laghad le 'hors d'âge'.

Déantar fíonta a tháirgtear i gcomhréir leis na modhanna táirgthe a thuairiscítear leis na téarmaí 'ambré', 'rosé', 'rimage' nó 'traditionnel' a shainiú go beacht sa tsonraíocht i dtéarmaí déine datha (OD 420 + OD 520) agus i dtéarmaí imire (OD 420/OD 520) le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma 'rosé' orthu.

Tá príomhról ag an aosú i gcastacht aramatach na bhfíonta.

Agus é á dhéanamh i dtimpeallacht dí-ocsaídithe, cuidíonn sé leis na nithe seo a leanas a chaomhnú:

— dea-bholaithe torthaí dearga úra, fíonchaor, silíní agus kirsch le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma 'rimage' orthu;

— dea-bholaithe bláthanna bána, torthaí citris, spíosraí agus dea-bholaithe milse le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma 'blanc' orthu;

— blasanna éadroma, úra agus torthaíocha le haghaidh fíonta a bhfuil an téarma 'rosé' orthu.

I gcás ina ndéantar táirgeadh i dtimpeallacht ocsaídiúcháin, in adhmad (dabhcha nó *demi-muid*) nó i ndeimiseoin ghloine a nochtar don ghrian, faoi réir aeráid chrua an limistéir gheografaigh:

— faigheann fíonta ar a bhfuil an téarma 'ambré' fad agus cothromaíocht níos mó, dea-bholaithe diana de thorthaí criostalaithe, bláthanna miliúla, céir, spíosraí nó beirbhéine;

— forbraíonn fíonta ar a bhfuil an téarma 'traditionnel' dea-bholaithe de thorthaí aibí criostalaithe, biotáille plumaí, mil agus caife nó cócó rósta le haghaidh na cuvée is faide a aosaítear.

Ag brath ar na dálaí aosaithe, is féidir leo dea-bholaithe casta a fhorbairt chomh fada le 'rancio', lena bholaithe rósta, torthaí triomaithe agus gallchnónna go háirithe.

Cibé an bhfuil siad 5, 10 nó 50 bliain d'aois, tá fíonta 'Banyuls' lán le castacht agus tá carball an-fhada acu.

I gcomhthéacs nádúrtha an-sonrach sléibhte agus cósta, rinne daoine tírdhreach a oiriúnú agus a dhealbhú, ag cur fíniúnacha (le 2 000 bliain anuas) ar fhánaí géara, a shíneann ón gcladach suas le 400 méadar in airde.

Faoi aeráid chrua codarsnachtaí, ar ithreacha garbha éagobhsaí agus dea-scagtha, tá léibhinn tógtha ag glúnta i ndiaidh a chéile chun creimeadh ithreach agus dóiteáin a chomhrac. Tá níos mó ná 5 000 ciliméadar líneach de bhalla cloiche tirim sna dáileachtaí talún laistigh den limistéar óna mbuaintear fíonchaora. Cuireann na léibhinn sin an fána i gceart agus fágann siad gur féidir acmhainneacht agranamaíoch na hithreach a chaomhnú, ach is annamh is féidir teacht orthu le trealamh talmhaíochta.

Chun srian a chur le luas agus fórsa an uisce a ritheann chun srutha, chruthaigh na saothraithe fíniúna córas chun é a threorú isteach i ndraenacha cloiche ar a dtugtar 'agouilles' go háitiúil, a chruthaíonn líonraí i gcruth chos éin, nó 'peu de galle' sa Chatalóinis. Thar na glúnta, sna suíomhanna is foscúla, tá mósáic gheoiméadrach d'fhíniúnacha idirnasctha tógtha ag daoine, lena ndéantar an dair ghlas agus an fhoraois darach coirc a theorannú do na hailteanna is géire agus do na suíomhanna is neamhchosanta.

Leis an 'bail à complant', oidhreacht chultúrtha de thionscnamh na Catalóine, chaomhnaigh táirgeoirí na fíonghoirt agus a n-éagsúlacht chineáil, a fhaightear go minic laistigh den dáileacht talún chéanna, rud a léiríonn a gcumas a oiriúnú don tír-raon deacair sin.

Sa réigiún crua, an-tirim agus neamhthorthúil seo, atá fabhrach do tháirgeadh fíonta milse nádúrtha a éilíonn méid siúcra íosta fíonchaor 252 ghram, tá an cineál 'Grenache' chun tosaigh, idir Grenache N, cineál crua, atá frithsheasmhach in aghaidh strus uisce agus gaotha láidre, agus na cineálacha Grenache B agus Grenache G, nach bhfuil chomh soghabhálach i leith smiotaíola. Tá na cineálacha traidisiúnta eile a úsáidtear chun fíonta milse nádúrtha a tháirgeadh – Macabeu B, Tourbat B (ar a dtugtar 'malvoisie du Roussillon' go háitiúil), Muscat à petits grains B agus Muscat d'Alexandrie B (ar a dtugtar 'muscat roman' go háitiúil) – ann freisin, measctha go minic iad le cineálacha eile sna dáileachtaí talún, mar a léirítear san fhíonghort is sine. Is iad na cineálacha tánaisteacha eile atá ann na cineálacha sin a úsáidtear chun fíonta tirime a dhéanamh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Collioure', a tháirgtear sa chríoch chéanna.

Leis an éagsúlacht sin, atá traidisiúnta i bpobal na bhfíniúnacha, cuirtear ar a gcumas do tháirgeoirí, trí shórtáil agus buaint de láimh, an dá ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Banyuls' agus 'Collioure' a tháirgeadh ar an dáileacht talún chéanna, agus táirgeacht teoranta do 30 heictilítear in aghaidh an heicteáir le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Banyuls'. Ní fhéadfaidh an chainníocht 'Collioure' a dhearbhaítear in aghaidh an heicteáir a bheith níos mó ná an difríocht idir 40 heictilítear agus an chainníocht a dhearbhaítear le haghaidh 'Banyuls', arna iolrú faoi chomhéifeacht 1.3. Tá an meánualach uasta in aghaidh an phlanda teoranta freisin do 1.50 kg, le sórtáil shainordaitheach mura bhfuil bail shláintiúil ar na fíonchaora nó mura bhfuil siad aibí go leordhóthanach.

Ciallaíonn dálaí nádúrtha nach mór don saothraí fíniúna na plandaí a bhainistiú go dian. Déantar na fíniúnacha a phrúnáil go gearr dá bhrí sin agus déantar iad a chuachphrúnáil go príomha chun dálaí drochaimsire a sheasamh (aeráid atá an-te agus tirim araon, ach le teagmhais throma báistí, tionchar láidir muirí, agus gaotha fíochmhara) agus chun fad saoil na bplandaí a áirithiú, le táirgeacht íseal atá fíor-riachtanach chun méid ard siúcra nádúrtha na bhfíonchaor is gá a fháil chun na fíonta atá milis go nádúrtha a tháirgeadh.

Tuigeann táirgeoirí go bhfuil timpeallacht nádúrtha eisceachtúil á saothrú acu, agus cosnaíonn siad an oidhreacht sin go han-chúramach. Ceanglaítear leis an tsonraíocht go gcoinneofar socruithe agus gnéithe bainistíochta uisce ar bun chun sláine agus inbhuanaitheacht na hithreach a áirithiú (ballaí cloiche tirime, léibhinn, etc.) i gcomhréir leis an gcleachtas traidisiúnta, agus ní cheadaítear ach forbairtí nó oibreacha nach ndéanann athrú substaintiúil ar na gnéithe sin.

An traidisiún a bhaineann leis na fíonchaora a bhuain de láimh, traidisiún a cloíonn saothraithe fíniúna leis sa lá atá inniu ann, cuidíonn sé le húrnuacht agus saintréithe na bhfíonghort léibheannaithe sin a chaomhnú.

Rinne na táirgeoirí ceansú ar fhánaí géara de sclátaí an limistéir gheografaigh agus d'áirithigh siad cáil agus trádáil na bhfíonta, a bhfuil a bhforbairt nasctha freisin le láithreacht chalafoirt Banyuls-sur-Mer, Cerbères, Collioure agus Port-Vendres.

Ag tosú thart ar 1850, cuireadh feabhas ar cháil fhíonta 'Banyuls' trí dhiongbháilteacht pearsana poiblí amhail abaí, dochtúirí leighis, cógaiseoirí agus úinéirí saibhre talún, a bhí cinnte faoina dtairbhí agus faoina gcáilíocht ard.

Ó bhí 1920 ann, bhí ról tábhachtach ag siléir chomhoibritheacha ina dtáirgeadh agus ina margaíocht. Óladh fíon 'Banyuls' ag na boird ab fhearr, agus thug Maurice Sailland Curnonsky, ar a dtugtar Prionsa na Gastranamaíochta, tuairisc air go raibh maothlachas agus teas na Saraistíní aige.

Níos gaire dár linne, tá cáil fhíonta 'Banyuls' ag dul i méid leis an sreabhadh turasóirí a bhfuil an tírdhreach eisceachtúil á mealladh, atá chun tosaigh sa Mheánmhuir agus a d'eascair as obair lámha an duine.

Déantar fíonta ar a bhfuil an téarma 'blanc' a bhuidéalú sa limistéar geografach críochaithe agus sa limistéar díreach in aice láimhe, ag áitreabh an oibreora a bhuin na fíonchaora agus a rinne an fíon, nó ag comharghnónna a mbuanann a mbaill na fíonchaora, rud a chiallaíonn nach gá don fhíon taisteal lena bhuidéalú. Tá sé d'aidhm ag na táirgeoirí cáilíocht agus saintréithe speisialta an táirge a chosaint go barrmhaith, feabhas a chur ar a shaintréithe óigeanta agus dá thoradh sin ar chlú an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe. Leagtar síos ceanglas sonrach um dhearbhú maidir le pacáistíocht do na fíonta sin sa tsonraíocht.

Baineann an rud céanna le fíonta a bhfuil an téarma 'rimage' orthu, ar gá 'mutage sur grains' ina leith, ar cabhair luachmhar é chun paradacsa na bhfíonta úra ach saibhre a bhfuil cumhacht thainneach mhín acu a chur i dtábhacht, gan mórán aosaithe, rud a léiríonn saintréithe an limistéir sin atá suite idir an fharraige agus na sléibhte.

Tá dlúthbhaint idir caomhnú na léibheann agus inbhuanaitheacht na bhfíonghort agus struchtúr sóisialta an limistéir gheografaigh agus an iliomad gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéantar ansin. Maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le gaireacht don fharraige (iascaireacht, teacht chun cé, etc.), an líne iarnróid trasteorann a bheith ann agus ceangal cultúrtha leis an oidhreacht fíonsaothrúcháin, chuidigh siad leis an réigiún fíonsaothrúcháin bunaidh sin atá struchtúrtha go sainiúil a chosaint.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) Cuimsíonn limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú agus maidir le fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'blanc' nó 'rimage' a bheith orthu a dhéanamh, a phróiseáil, a aosú agus a bhuidéalú, críoch na mbardas seo a leanas de roinn Pyrénées-Orientales: Argelès-sur-mer, Laroque-des-Albères, Montesquieu-des-Albères, Palau-del-Vidre, Saint-André, Saint-Génis-des-Fontaines, Sorède agus Villelongue-dels-Monts.

b) Cuimsíonn an limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta a aosú agus maidir le fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'blanc' nó 'rimage' a bheith orthu a aosú agus a bhuidéalú, críoch na mbardas seo a leanas de chuid Pyrénées-Orientales: Cases de Pène, Elne, Ortaffa agus Prats-de-Mollo.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) Ní mór an téarma traidisiúnta 'vin doux naturel' a phriontáil ar na lipéid.

b) Ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe a fhorlíonadh leis na téarmaí 'ambré', 'blanc', 'rimage', 'rosé' nó 'traditionnel'. Ní mór na sonraí sin a bheith ar an lipéadú. Ní mór iad a áireamh freisin i bhfógraí, i mbileoga agus i sonraisc.

c) I gcás fíonta ar a bhfuil na téarmaí 'blanc', 'rimage' nó 'rosé', ní mór bliain an fhíona a lua freisin.

d) Féadfaidh an téarma 'hors d'âge' a bheith ag gabháil le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe i gcás fíonta atá milis go nádúrtha ar a bhfuil na téarmaí 'ambré' nó 'traditionnel' a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos don téarma sin sa tsonraíocht.

e) Féadfaidh an téarma 'rancio', ' a bheith ag gabháil le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe i gcás fíonta atá milis go nádúrtha ar a bhfuil na téarmaí 'ambré' nó 'traditionnel', in éineacht leis an téarma 'hors d'âge' nó gan é, a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos don téarma sin sa tsonraíocht.

f) Na téarmaí roghnacha uile, a bhféadfaidh na Ballstáit a n-úsáid a rialáil, faoi rialacha an Aontais, ní mór iad a priontáil ar na lipéid i litreacha nach mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Déantar fíonta ar a bhfuil na téarmaí 'blanc' agus 'rimage' a aosú i dtimpeallacht dí-ocsaídithe.

Cuidíonn an cineál aosaithe sin d'fhíonta ar a bhfuil an téarma 'blanc' le dea-bholaithe éadroma bláthanna bána, torthaí citris agus spíosraí a chaomhnú, agus le haghaidh fíonta ar a bhfuil an téarma 'rimage', cuidítear le dea-bholaithe torthaí dearga úra, fíonchaor, silíní agus kirsch a chaomhnú. Déantar an t-aosú go dtí an 1 Bealtaine den bhliain tar éis bhliain na buainte. Is é an t-oibreoir a bhuain na fíonchaora agus a rinne an fíon, nó comharghnónna a mbuanann a mbaill na fíonchaora a dhéanann na fíonta a bhuidéalú, rud a chiallaíonn nach gá don fhíon taisteal lena bhuidéalú. Ní mór na fíonta a phacáistiú tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh den dara bliain tar éis na bliana buainte.

Tá sé d'aidhm ag na táirgeoirí, ar thaobh amháin, buntréithe na dtáirgí a fhorbraítear a chaomhnú go barrmhaith agus, ar an taobh eile, cáilíocht agus cineál sonrach na dtáirgí a ráthú agus a choimirciú, trí bhíthin seiceálacha a dhéantar i réigiún an táirgthe lena n-éilítear saineolas orgánaileipteach ar leith, agus dá thoradh sin, clú an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe.

Nasc chuig an tSonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-899e0777-fc57-4540-be08-3ed69390874c